## CEARTÚCHÁIN

### Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 170 Eagrán Speisialta Gaeilge an 25 Meitheamh 2019)*

1. Ar an leathanach clúdaigh, an teideal:

*in ionad:*

"… maidir le táirgí AE a chur ar fáil ar an margadh …",

*léitear:*

"… maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh …".

2. Ar leathanach 1, an teideal:

*in ionad:*

"… maidir le táirgí AE a chur ar fáil ar an margadh …",

*léitear:*

"… maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh …".

3. Ar leathanach 13, Airteagal 2, pointe (8):

*in ionad:*

"(8) ciallaíonn '% de réir maise' ciallaíonn '% de réir maise' céatadán de mhais an táirge leasacháin AE ina iomláine san fhoirm ina gcuirtear ar fáil ar an margadh é;",

*léitear:*

"(8) ciallaíonn '% de réir maise' céatadán de mhais an táirge leasacháin AE ina iomláine san fhoirm ina gcuirtear ar fáil ar an margadh é;".

4. Ar leathanach 13, Airteagal 2, pointe (11):

*in ionad:*

"(11) ciallaíonn 'monaróir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge leasacháin AE nó a ndéantar táirge leasacháin AE a dhearadh nó a mhonarú thar ceann an mhonaróra sin, agus a dhéanann an táirge leasacháin sin a mhargú faoi ainm nó faoi thrádmharc an mhonaróra sin;",

*léitear:*

"(11) ciallaíonn 'monaróir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge leasacháin AE nó a chuireann faoi deara táirge leasacháin AE a dhearadh nó a mhonarú, agus a dhéanann an táirge leasacháin AE sin a mhargú faoina ainm nó a hainm nó faoina thrádmharc nó a trádmharc;".

5. Ar leathanach 84, Iarscríbhinn III, Cuid III an Tábla "PFC 3: FEABHSAITHEOIR ITHREACH", an chéad líne:

*in ionad:*

| "Foirmeacha den chothaitheach dearbhaithe agus paraiméadair eile a dearbhaíodh | Na lamhháltais incheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe |
|---|---|
| pH | ± 1,0 % den luach dearbhaithe |

…",

*léitear:*

| "Foirmeacha den chothaitheach dearbhaithe agus paraiméadair eile a dearbhaíodh | Na lamhháltais incheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe |
|---|---|
| pH | ± 1,0 den luach dearbhaithe |

…".

6. Ar leathanach 85, Iarscríbhinn III, Cuid III an Tábla PFC 4: PFC 4: "MEÁN FÁIS", an dara líne:

*in ionad:*

| "Foirmeacha den chothaitheach dearbhaithe agus paraiméadair eile a dearbhaíodh | Na lamháltais incheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe |
|---|---|
| pH | ± 1,0 % den luach dearbhaithe |

…",

*léitear:*

| "Foirmeacha den chothaitheach dearbhaithe agus paraiméadair eile a dearbhaíodh | Na lamháltais incheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe |
|---|---|
| pH | ± 1,0 den luach dearbhaithe |

…".